

**Amhrán na Scadán**

Nuair a théim a luí san oíche, bím ag smaointiú ar an iasc,  
Nuair a éirím amach ar maidin, bheirim ruaig go dtí an bhinn,  
Bíonn na héanacha ag cur pléisiúir orm 'na suí i mbéal na bpoll  
Agus an phéist ag an Tor Dhearg ag cur na scadáin tharna droim.

Bím ag smaointiú ar an eangaigh is ar an bhád a mbíonn sí ann,  
Bím ag smaointiú ar na ráhmaí is a mbuillí ins an toinn,  
Bím ag smaointiú ar an fheartainn 's ar an tréan a bhí sa ghaoith  
'S gach uair dar chroch mé an stiúir uirthi 's an teilm ina cionn.

Óir is deas an rud na slanntracha a bheith soilsiú ar ár mbróg',  
'S gurbh fhusa dúinn á bplúchadh go minic le iad a dhíol,  
Ach caithfidimid a dhul an caineál leo, maith nó olc an t-am  
San áit a mbeidh lúcháir ar an cheannaí romhainn 's buidéal dúinn  
den lionn.

Nuair a shuím cois na tineadh, bím ag smaointiú ar an am  
A raibh mé féin 's mo churach beag ag dul amach ar bharr na dtonn,  
'S gan idir mé féin is an tsíoraíocht ach an t-éadach tana tarr  
Ag cosnú gaoithe is farraige i measc éanacha na dtonn.

Is anois atá mé aosta is mé ag éirí lag breoite tinn,  
Níl mé ag dúil go brách le biseach a fháil go síntear mé sa chill,  
Ach bheirim altú do Dhia na Glóire mar chuir mé isteach m'am  
Ar chreig i lár na farraige i measc éanacha na mbeann.

Le tacaíocht ó